

Aighneacht chuig An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir le hAthbhreithniú ar an gCóras Oibriúcháin le haghaidh Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile

16 Nollaig 2020

Gaeloideachas

Is eagraíocht dheonach náisiúnta í Gaeloideachas a thacaíonn le forbairt an oideachais lán-Ghaeilge.

Bunaíodh í mar Gaelscoileanna in 1973 le tacú le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Ó shin, leathnaíodh ról na heagraíochta agus cuireann sí seirbhísí tacaíochta ar fáil anois do scoileanna Gaeltachta agus naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht chomh maith.

Tugann Gaeloideachas comhairle, cúnaimh agus tacaíocht do dhaoine ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí, chomh maith le seirbhísí tacaíochta agus abhcóideachta dóibh siúd atá ag obair san earnáil.

Cúlra agus scóip

Is éard atá sa Chóras Oibriúcháin reatha le haghaidh Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile (ELC agus SAC), go bunúsach:

- **Rannán Luathbhlianta** na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a sholáthraíonn cistiú, a fhorbraíonn beartas agus a dhéanann maoirseacht ar thionscnaimh san earnáil a chur i bhfeidhm
- **Pobal**, a riarann scéimeanna cistithe, a thugann faoi fheidhmeanna comhlíonta agus a sholáthraíonn tacaíocht do cháilíocht agus AIM (trí Tús Níos Fearr (Better Start)), thar ceann na Roinne
- **Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí** a chuireann réimse eolais agus tacaíochtaí cáilíochta ar fáil don earnáil agus do thuismitheoirí
- Réimse **Eagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí** (Luath-Óige Éireann (ECI), an Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise (NCN), Barnardos, Feighlíocht Leanaí Éireann (Childminding

Ireland), Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, eagraíochtaí Montessori agus Steiner) a chuireann saghsanna éagsúla de thacaíochtaí riaracháin agus cáilíochta ar fáil don earnáil

- **Tusla** arb é an rialálaí reachtúil don earnáil agus atá freagrach as tacú le agus maoirseacht a dhéanamh ar chloí leis na rialacháin faoi mar a leagtar amach sa dlí
- **An Roinn Oideachais agus Scileanna** a thacaíonn le cáilíocht san earnáil trí chreataí cáilíochta agus curaclaim (Síolta agus Aistear), soláthar d’oiliúint a chur ar an bhfoireann agus d’obair na Cigireachta atá dírithe ar Oideachas Luathbhlianta.

Áirítear le scóip an Athbhreithnithe feidhmeanna agus eagrú an Rannáin Luathbhlianta, Pobal, CCCanna agus NVCOanna. Cé nach bhfuil sé laistigh de scóip an Athbhreithnithe breithniú a dhéanamh ar leasuithe ar fheidhmeanna reatha Chigireacht Tusla agus na Roinne Oideachais agus Scileanna, is féidir breithniú a dhéanamh ar roghanna chun gnéithe breise a shannadh do cheachtar de na heagraíochtaí seo nó don dá eagraíocht seo.

Na rudaí a ndírítear orthu san Athbhreithniú

Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ag tabhairt faoi athbhreithniú ar an gcóras reatha agus faoi bhreithmheas ar roghanna na mbealaí féideartha eile chun an córas seo a eagrú chun go dtéann sé i ngleic níos fearr leis na critéir seo a leanas:

- An tairbhe phoiblí is mó a sholáthar ar mhaithe le leas an phobail, an luach ar airgead is fearr a sholáthar agus an úsáid is éifeachtaí a bhaint as acmhainní;
- A chinntiú go bhfuil struchtúir agus próisis dhaingne rialachais, chuntasachta agus dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm chun buiséad a bhainistiú arb ionann faoi láthair é agus thart ar €640 milliún gach bliain. Déantar gealltanais faoi *Na Chéad 5* go gcuirfear síneadh leis seo de bhreis ar €1 billiún roimh 2028;
- Trédhearcacht a bheith le sonrú agus gach ceanglas ábhartha dlíthiúil, rialála agus rialachais a chomhlíonadh;
- Freastal ar riachtanais na soláthraithe seirbhíse agus na foirne Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Chúram Leanaí ar Aois Scoile;
- A chumasú seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar do leanaí agus teaghlaigh;
- A bheith ar aon dul leis an treoir straitéiseach a leagtar amach in *Na Chéad 5* agus a bheith in ann tacú leis na tionscnaimh mhóra athchóirithe Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Chúram Leanaí ar Aois Scoile a ngealltar dóibh sa straitéis sin.

Iarraidh ar aighneacht scríofa: Ceisteanna

Nuair a chuirtear san áireamh scóip an Athbheithnithe agus na príomhchritéir ar gá d'aon athruithe a bheartaítear dul i ngleic leo, iarrtar ort breithniú a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas i d'aighneacht scríofa.

A. Cad iad buntáistí / láidreachtaí an chórais reatha, dar leat féin?

Tá ionadaíocht leathan ar na fóraim chomhairliúcháin atá ag an Roinn Leanaí, an Roinn Oideachais agus Tusla, a léiríonn ilghnéitheacht na hearnála.

Is maith ann do na Coistí Cúram Leanaí le tacaíocht áitiúil a chur ar fáil don earnáil, cé nach bhfuil cumas ag an bhformhór seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.

Tá taithí agus saineolas luachmhar ag na heagraíochtaí náisiúnta deonacha um chúram leanaí, cé nach bhfuil cumas ag an bhformhór seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.

B. Cad iad míbhuntáistí / laigí an chórais reatha, dar leat féin?

Níl aon mhaoiniú á sholáthar faoin gcóras oibriúcháin reatha le freastal ar riachtanais suímh tumoideachais lasmuigh den Ghaeltacht ó 2014 ar aghaidh.

Níl riachtanais na hearnála lán-Ghaeilge san áireamh sa réamhphleanáil mar a bhaineann le forbairt straitéisí, scéimeanna, áiseanna, seirbhísí, cigireachtaí nó eile. Fágann sé seo nach bhfuil na suímh lán-Ghaeilge ag fáil an tacaíocht ná an maoiniú ceart ón Stáit.

Níl aitheantas oifigiúil ann do sheirbhísí a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge ó thaobh struchtúr tacaíochta an Stáit. Fágann sé seo nach bhfuil córas cigireachta nó dearbhú cáilíochta cuí ann don Ghaeilge mar theanga oibre agus foghlama an naíonra.

Níl oiliúint tosaigh nó forbairt ghairmiúil leanúnach trí mheán na Gaeilge ar fáil do shuímh tumoideachais lasmuigh den Ghaeltacht.

Tá ualach riaracháin agus maoirseoireachta róthrom ann d'oibrithe na hearnála i leith chórais tuairiscithe ar scéimeanna agus cigireachtaí. Tá an t-ualach seo níos troime fós do shuímh tumoideachais, mar nach dtugtar a dteanga oibre san áireamh.

Spreagann na heasnamh sna córais tacaíochta ón Stáit/maoinithe ag an Stáit tuilleadh scoilteadh in earnáil atá an-scoilte cheana féin ag leibhéal na n-eagraíochtaí deonacha.

C. An bhfuil aon mholtaí ar leith agat maidir le hathrú a dhéanamh ar an gCóras Oibriúcháin amach anseo le haghaidh Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile? Cuir réasúnaíocht shoiléir ar fáil, le do thoil, d'aon mholtaí.

An soláthar maoinithe a bhí san earnáil agus a cuireadh deireadh leis sa bhliain 2014 a ath-infheistiú san earnáil agus Gaeloideachas a ainmniú mar eagraíocht náisiúnta thacaíochta na naíonraí, lasmuigh den Ghaeltacht.

Coinníoll a chur le haon maoiniú a chuirtear ar fáil le seirbhís a sholáthar don earnáil gur gá tacaíocht i nGaeilge a chur ar fáil do shuímh tumoideachais. Ceapadh baill foirne le Gaeilge líofa agus tuiscint ar an tumoideachas le bheith san áireamh, d'eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí Stáit agus eagraíochtaí deonacha araon.

Gréasán tacaíochta ar leith a bhunú laistigh de na coistí cúram leanaí le freastal ar riachtanais suímh tumoideachais, le speisialtóirí luathbhlianta le Gaeilge fostaithe ar bhonn réigiúnach le tacú leo.

Comhionann an tSeirbhís um Forbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) a bhunú le comhordú a dhéanamh ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach don earnáil, agus deimhniú go mbeidh riachtanais na suímh tumoideachais san áireamh i gcónaí agus forbairt ghairmiúil leanúnach á forbairt agus á soláthar.

Cuíchóiriú a dhéanamh ar chórais tuairiscithe agus cigireachta na hearnála, d'fhonn comhsheasmhacht agus caighdeán a chinntiú agus riachtanais suímh tumoideachais a aithint. Critéir cháilíochta agus aitheantas ar leith a bheith ann do shuímh tumoideachais.

Rialálaí cuí a bhunú don earnáil, le bunús reachtúil, comhionann an Chomhairle Mhúinteoireachta. An Rialálaí a úsáid mar mheicníocht, i measc gníomhaíochtaí eile, le haitheantas cuí a bhaint amach d'obair na hearnála.

D. Nuair a fhreagraíonn tú an iarraidh seo ar aighneachtaí, an bhfuil tú ag freagairt thar do cheann féin nó i gcáil ionadaíoch?

Má tá tú ag freagairt i gcáil ionadaíoch, tabhair le fios, le do thoil, cén daoine nó eagraíochtaí a bhfuil ionadaíocht á déanamh agat dóibh.

Pobal na luathbhlianta lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht; leanaí, tuismitheoirí, múinteoirí naíonra, scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Má tá tú ag freagairt i gcáil ionadaíoch, tabhair cuntas, le do thoil, ar conas a dhéanann tú cumarsáid agus idirchaidreamh leo siúd a bhfuil ionadaíocht á déanamh agat dóibh.

Teagmháil díreach ar fón agus ríomhphost de réir éilimh agus riachtanais.

Cuairteanna agus cruinnithe comhairliúcháin de réir éilimh agus riachtanais (go fíorúil amháin i 2020, de dheasca Covid-19).

Teacht-le-chéile míosúil ar líne do mhúinteoirí naíonra, plé bunaithe ar théama.

Nuachtlitreacha rialta do mhúinteoirí naíonra, do mhúinteoirí scoile agus do thuismitheoirí araon.

Comhéadan poiblí na heagraíochta: www.gaeloideachas.ie, Twitter, Facebook, Instagram, YouTube.

Suirbhéanna agus ceistneoirí sprioc-dhírith de réir riachtanas.

Fóiraim phríobháideacha do mhúinteoirí naíonra agus do thuismitheoirí

Suirbhé bliantúil ar naíonraí le staitisticí a bhailiú maidir leis an earnáil.

Seimineáir agus ceardlanna do naíonraí bunaithe ar oideolaíocht an tumoideachais.